Ráiteas Ghaelcholáiste Phort Láirge maidir le Cumhdach Leanaí

Is iar-bhunscoil í Gaelcholáiste Phort Láirge a sholáthraíonn oideachas iar-bhunscoile do dhaltaí ó Bhliain a haon go Bliain na hArdteistiméireachta. De réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 agus Treoir Tusla maidir leis na Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Bord Bainistíochta Ghaelcholáiste Phort Láirge an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

1. Tá an Bord Bainistíochta tar éis Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí na Roinne do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 a ghlacadh agus déanfaidh sé iad a chur chun feidhme go hiomlán agus gan iad a mhodhnú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí

2. Is í **Cáit Ní Shé** (Príomhoide) an Teagmhálaí Ainmnithe (TA)

3. Is é **Conchúr Ó hÓgáin** (Leas-Phríomhoide) an Leas-Teagmhálaí Ainmnithe (Leas-TA)

4. Aithníonn an Bord Bainistíochta go mbaineann cúinsí cosanta agus leasa leanaí trí gach gné de shaol na scoile agus go gcaithfear iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile na scoile. Comhlíonfaidh an scoil, ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, na prionsabail a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil an méid a leanas:

- aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile;
- comhlíonfaidh sí go hiomlán a hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí leasa;
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ar an ngá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad féin a fhágáil ar oscailt do chúiseamh mí-úsáide nó faillí;
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh; agus

- urraim iomlán a bheith acu ar cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí maidir le cosaint leanaí.

Comhlíonfaidh an scoil na prionsabail thuas freisin maidir le haon scoláire fásta atá faoi leochail speisialta.

5. Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall foirne atá faoi réir aon imscrúdaithe (cibé mar a thuairiscítear sin) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil, comhlíonann an scoil na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 agus comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha d'fhoireann scoile atá foilsíthe ar shuíomh gréasáin ROS.

- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, comhlíonann an scoil ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus comhlíonann an scoil an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta Garda a d'fhoilsigh ROS agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ROS.

- Maidir le faisnéis, agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, a sholáthar don fhoireann i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint (mar a shainmhínítear in Acht 2015) tá an méid a leanas déanta ag an scoil-

  - Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne
  - Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
  - Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Spreagann sí baill an Bhoird Bainistíochta chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar gach oiliúint ar bhaill foirne agus ar bhaill den Bhord

- Maidir le Tusla i ndáil le hábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, ceanglaítear ar gach duine den phearsanra scoile na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Sa scoil seo tá teagmhálaí ainmnithe ceaptha ag an mBord mar an "duine ábhartha" (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite Leanaí 2015) mar an gcéad phointe teagmhála maidir le ráiteas cosanta leanaí na scoile.

- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.
- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne an Bord measúnú ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus é nó í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar

amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin ROS nó cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin ag an scoil.

6. Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuireadh ar fáil é do gach ball de phearsanra na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí agus don phátrún. Tá sé inrochtana go héasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.

7. Déanfar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an 11 Márta 2018.

Rinne an Bord Bainistíochta an t-athbhreithniú is déanaí ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus an Measúnú Riosca mar atá luaite thíos:

Síniú: Frank Ó Madagáin	Síniú: Cáit Ní Shé
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta	An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta
Dáta: 24-03-2025	Dáta: 24-03-2025

Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí
Measúnú Scríofa ar Riosca maidir le Gaelcholáiste Phort Láirge

- *De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglais Chaibidil 8 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna 2017, seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar Ghaelcholáiste Phort Láirge.*

- *Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil a chloíonn go hiomlán le riachtanais* ***Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna*** *na Roinne Oideachais & Scileanna.*
- *Tá* ***Cód Iompair*** *i bhfeidhm go daingean ag an scoil agus déantar athbhreithniú rialta air lena héifeacht a chinntiú i dtreo timpeallacht & atmaisféar slán sábháilte a chinntiú do na scoláirí go léir.*

Liosta na nImeachtaí / Gníomhaíochtaí Scoile	**Shainaithin an scoil an riosca díobhála a leanas maidir lena gníomhaíochtaí : -**	**Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí díobhála a shainaithnítear sa mheasúnacht seo: -**
Gnáth Chleachtais Laethúla Scoile i measc Scoláirí		
1.Teacht chuig agus imeacht ón scoil maidin agus tráthnóna	• An pobal ginearálta in ann teacht ar dhaltaí – baol díobhála do scoláire	• Feitheoireacht sa chlós ar maidin ó 8.15 agus tráthnóna ó 3.20 go 3.35. • Polasaí Tinrimh & Poncúlachta • Polasaí Cód Iompair • Polasaí Sláinte & Sábháilteachta – níl cead ag daltaí crochadh timpeall tar éis scoile muna bhfuil ball foirne leo • Bacainn iontrála ag geataí na scoile pléite ag an mBord Bainistíochta • Níl cead ag scoláire an scoil a fhágaint i rith an lae gan tuismitheoir/caomhnóir á síniú amach ag an oifig
2. Gluaiseacht ó sheomra go seomra idir ranganna go háirithe go Seomra an Gheata	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile • Baol tromaíochta do scoláire ó scoláire eile	• Polasaí Cód Iompair & Polasaí "Bí Cineálta" Frith Bhulaíochta - Bogann na scoláirí gan mhoill, fanann siad ag doras an tseomra i líne go ligeann an múinteoir isteach iad, an múinteoir ag doras an tseomra ag faire amach • Treoracha leagtha amach ag GCPL *Gnáth Chleachtas do Mhúinteoir i mbun Ranga/Feitheoireachta i nGCPL*
3. Seomra an Gheata	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile nó baol tromaíochta do scoláire ó scoláire eile • Díobháil ó dhuine sa phobal	• Seomra an Gheata i gcónaí faoi ghlas nuair nach bhfuil múinteoir ann. • Ní fhágtar scoláirí sa seomra gan mhaoirseacht duine fásta/baill foirne
	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile	• Cód Iompair & Polasaí Bí Cineálta

4. Úsáid seomraí leithris	• Baol tromaíochta do scoláire ó scoláire eile • Iompar mí-chuí idir dhaltaí • Ball foirne/cuairteoir ag déanamh díobhála do scoláire	• Leithris ar leith do bhliain ghrúpaí éagsúla • Feitheoireacht múinteoirí am sosa/lóin • Leithris foirne/ cuairteoirí ar leith ann gan aon úsáid acu as leithris na scoláirí.
5. Úsáid bun sheomraí ranga am sosa & am lóin	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile • Baol tromaíochta do scoláire ó scoláire eile	• Cód Iompair & Polasaí Bí Cineálta • Seomraí faoi ghlas go dtí 8.15 r.n. • Seomraí ar leith ag na ranganna éagsúla • Seomraí na mbliain ghrúpaí sóisearacha lonnaithe i limistéar na cúirte láir • Feitheoireacht múinteoirí i bhfeidhm
6. Úsáid na Teicneolaíochta • Úsáid na Méarphad Pearsanta ar scoil agus sa bhaile • Cuntas Office 365 scoile ag gach scoláire	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile • Díobháil do scoláire ar rochtain eolas mí-chuí ar an idirlíon nó baol ó chumarsáid le duine óg nó aosach ar an idirlíon • Baol tromaíochta do scoláire ó scoláire eile	• Polasaí Úsáid Inghlactha an Mhéarphad & Beartas na Scoile um Úsáid Chianda Scoil Bhunaithe na Teicneolaíochta sa Bhaile san áireamh – sínithe ag scoláirí ag bogadh chuig GCPL & a dtuismitheoirí. • Polasaí úsáid Inghlactha ar an Idirlíon • Méarphad aon chineáil & aon chomhlacht amháin in úsáid ag gach scoláire • Seiceáil déanta ag múinteoirí go minic ar ghníomhaíocht na scoláirí ar an ngléas scoile • Seiceáil déanta ag múinteoirí go minic ar ghníomhaíocht na scoláirí ar na cuntais Office 365 • Feasacht tuismitheoirí a chothú i dtaobh sábháilteacht a bpáistí ar idirlion & ar na meáin shóisialta • Cainteanna rialta eagraithe ar scoil do na scoláirí ar shábhailteacht idirlín & ar na meáin shóisialta.
7. Úsáid seomraí speisialta m.sh., S. Eolaíochta, S. Eac. Bhaile srl.	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile • Díobháil do scoláire ar rochtain eolas mí-chuí ar an idirlíon nó baol ó chumarsáid le duine óg no aosach ar an idirlíon • Baol tromaíochta do scoláire ó scoláire eile	• Cód Iompair & Polasaí Frith Bhulaíochta “Bí Cineálta” • Seomraí faoi ghlas ach le múinteoir i láthair
8. Scoláirí sa scoil roimh ranganna ar maidin	• Díobháil do scoláire ó dhuine sa phobal roimh 8.00 r.n. • Díobháil do scoláire ó scoláire eile • Baol tromaíochta do scoláire ó scoláire eile	• Tuismitheoirí & scoláirí ar an eolas faoin bPolasaí Sláinte & Sábháilteachta • Geataí na scoile ar oscailt 8.00 r.n. • Fanann daltaí sa chlós cúirte óna 8.00. • Seomraí faoi ghlas go 8.15, maoirseacht ansin
9. Staidéar maoirsithe tar éis scoile	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile • Díobháil do scoláire ó aosach	• Polasaí Staidéir Maoirsithe, Cód Iompair & Polasaí Bí Cineálta • Feitheoir grinnfhiosruithe ag na Gardaí

	• Baol tromaíochta do scoláire ó scoláire eile	• Leithris, ionaid taisceadán & seomraí as úsáid curtha faoi ghlas • Leithris/ionaid taisceadán oscailte le linn an tsosa agus chun leabhair a réiteach ag deireadh an staidéir
10. Club Obair Bhaile	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile • Baol tromaíochta do scoláire ó scoláire eile	• Seomra taobh leis an staidéar maoirsithe • Traenáil ar mheantóirí Bliain 4
11. Am sosa/ lóin	• Fágáil na scoile a d'fhéadfadh an scoláire a chur i mbaol díobhála ó dhuine sa phobal. • Díobháil do scoláire ó scoláire eile • Baol tromaíochta do scoláire ó scoláire eile	• Cód Iompair – níl cead an scoil a fhágaint gan tuismitheoir/caomhnóir á síniú amach ag an oifig • Córas feitheoireachta múinteoirí sa chlós, san astroturf & sna bun seomraí • Leithris ar leith ag na ranganna éagsúla • Cosc ar dhaltaí i gcodanna de shuíomh na scoile m.sh cúl na scoile, talamh gharbh ar aghaidh an charrchlóis, an carrchlós (ach chun liathróid a fháil)
Earcú Baill Foirne na scoile Cloíonn an scoil le ceanglais reachtaíochta ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus na gciorclán ábhartha de chuid na ROS maidir le hearcú agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.		
12. Múinteoirí CRS Rúnaí Airíoch/Glantóir fad téarmach	• Ball foirne ag déanamh díobhála do scoláire sa scoil • Díobháil gan a bheith aitheanta ag an bhfoireann scoile • Díobháil gan bheith tuairiscithe i gceart agus go pras ag an bhfoireann scoile • Ball foirne ag rochtain ar nó ag scaipeadh ábhair mhíchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, Facebook nó aon mheán eile	• Agallamh • Seiceáil teistiméireachtaí & teastais • Grinnfhiosrú na nGardaí Síochána déanta • Eolas, feasacht & traenáil riachtanach le cabhair: - Próiseas Ionduchtaithe *Droichid* atá ar bun sa scoil - Ionduchtú & Leabhrán Eolais - Polasaithe na scoile a léamh le béim ar leith ar: • Cód Iompair Ghairmiúil an Chomhairle Mhúinteoireachta i bhfeidhm do mhúinteoirí • Cód Iompair na Scoile & Polasaí Bí Cineálta • Traenáil ar Chaomhnú Leanaí do chách • Polasaí Úsáid Inghlactha ar an Idirlín & Polasaí Úsáid Inghlactha ar an Méarphad • Polasaí Sláinte & Sábháilteachta • Polasaí Garchabhrach
13. Múinteoirí Traenála Cúntóirí seachtaracha ag forlionadh curaclaim thar thréimhse breis agus téarma	• Díobháil do scoláire	• Grinnfhiosrú na nGardaí déanta • Agallamh • Seiceáil teastas & teistiméireachtaí • Beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith socrúchán • Traenáil Ionduchtaithe

Gníomhaíochtaí Teagaisc & Foghlama - Nósanna Imeachta sa Seomra Ranga • Tá nósanna imeachta araíonachta i leith na scoláirí comhaontaithe ag an bhfoireann teagaisc agus cloíonn gach ball foirne leis na nósanna seo ionas timpeallacht agus atmaisféar sábháilte a chothú do gach scoláire sa scoil. • Déantar athbhreithniú bliantúil ar na nósanna seo. • Spreagtar lucht foirne chun leas a bhaint as oiliúint chuí		
14. Teagasc & Foghlaim: - • Múinteoireacht Ranga • Úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ag na daltaí ar scoil • Cian teagasc & foghlaim ar-líne • Soláthar curaclaim i leith OSPS, OCG agus an clár Folláine don t-Sraith Shóisearach	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile de bharr maoirseachta ranga neamh leordhóthanach • Díobháil do scoláire ó dhuine eile de bharr easpa treoracha/ maoirseachta i mbun tréimhsí staidéir sa bhaile ag úsáid na teicneolaíochta • Baol tromaíochta ag tarlú do scoláire de bharr easpa maoirseachta nó feasachta múinteora • Scoláirí ag mí-úsáid na teicneolaíochta sa rang • Ball foirne ag déanamh cumarsáide le daltaí go míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, Facebook , nó ar aon bhealach eile • Ball foirne ag rochtain ar nó ag scaipeadh ábhair mhíchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, fearas digiteach nó ar bhealach eile • Ábhar mí-fheiliúnach ar bun ag múinteoir sa rang a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do scoláire go mothúchánach, morálta, intleachtach, síceolaíoch	**Eolas, feasacht & cur i bhfeidhm ag gach ball foirne ar:** • Gnáth Chleachtais agus Bun Rialacha sa Seomra Ranga do Mhúinteoir i mbun Ranga /Feitheoireachta i nGCPL, de réir Treoracha leagtha amach ag GCPL do mhúinteoirí • Polasaí Chaomhnú Leanaí & Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017 • Cód Iompair Ghairmiúil den Chomhairle Mhúinteoireachta • Suíomhanna Teams á roinnt ag múinteoirí le scoláirí – gá níos mó ná aon scoláire amháin ina bhall ann. • Cloí & leanúint Curaclaim Ábhar an ROS • Traenáil FGL ar mhúinteoirí OSPS/ OCG • Polasaí Garchabhrach **Eolas, feasacht & cur i bhfeidhm ag gach ball foirne ar agus feasacht scoláirí & tuismitheoirí ar:** • Cód Iompair & Polasaí Bí Cineálta • Polasaí Fóin Póca • Polasaí Úsáid Inghlactha ar an Méarphad • Polasaí Úsáid Inghlactha ar an Idirlíon • Beartas na Scoile um Úsáid Chianda Scoil Bhunaithe na Teicneolaíochta sa Bhaile • Polasaí Sláinte & Sábháilteachta • Polasaí OSPS & Oideachais Caidrimh & Gnéasachta • Clár folláine i bhfeidhm sa scoil • Cláir shábháilteachta & feasachta Idirlín curtha ar fáil do scoláirí & Tuismitheoirí • Tá Polasaí Cumarsáide Baile- Scoile ag an scoil

Obair Thacaíochta Foghlama / Comhairleoireacht		
15. Múinteoireacht duine-le -duine m.sh. Feabhas / Tacaíocht Foghlama Comhairleoireacht Cúram do scolairí le Riachtanais Speisialta /soghontachtaí sainiúla	• Díobháil do scoláire le linn teagaisc/ comhairliú duine-le-duine á dhéanamh	• Tá nósanna imeachta soiléire ar bun ag an scoil i leith gníomhaíochtaí duine-le-duine m.sh. obair thacaíochta foghlamtha, comhairleoireacht srl. • Polasaí Tacaíochta Foghlama i bhfeidhm • Polasaí OSPS i bhfeidhm i bhfeidhm • Polasaí Comhairleoireachta i bhfeidhm
Cúntóirí Seachtaracha sa scoil (gearrthréimhse - gan grinnfhiosrú na nGardaí déanta)		
16. Tuismitheoirí , Oiliúnóirí Spóirt, Teagscóirí Seachtracha Aoichainteoirí Scoláirí, Múinteoirí ar cuairt ó scoileanna eile	• Díobháil do scoláire sa scoil • Rochtain ar eolas pearsanta scoláirí	• Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil i leith úsáide daoine seachtracha • Múinteoir GCPL á dtionlacan & ina dteannta i gcónaí • Gan rochtain ar fhillteáin/ comhaid/ ábhair pearsanta stóráilte ar ríomhaire srl.
Oibrithe/Conraitheoirí/ Seirbhísí Pearsanra eile sa scoil		
17. Glantóirí - gearrthéarmach Deisitheoirí – pluiméirí/siúineirí/srl. Conraitheoirí ar láthair na scoile le linn an lae	• Díobháil do scoláire sa scoil • Rochtain nó roinnt ar eolas pearsanta scoláirí	• Leithris as ord/ dúnta Fógra 'le glanadh'/ 'deisiúcháin ar siúl iontu • Síniú isteach & amach ag an oifig • Gan rochtain ar fhillteáin/ comhaid/ ábhair pearsanta stóráilte ar ríomhaire srl. • Obair tar éis uaireanta scoile nuair is féidir
18. Conraitheoirí Teicneolaíochta & Soláthróirí Seirbhísí eile m.sh. VSWare, Easypayments		Conradh sínithe idir Conraitheoirí & Soláthróirí leis an Scoil i dtaobh rúndacht & GDPR
Cuairteoirí sa Scoil		
19. Cuairteoirí/ Tuismitheoirí ar láthair na scoile le linn an lae Lucht seachadta/ bailiú earraí	• Díobháil do scoláire sa scoil • Rochtain ar eolas pearsanta scoláirí	• An chéad teagmháil leis an oifig go soiléirítear cúis na cúirte • Síniú isteach/amach • Fanacht ag an oifig nó a thionlacan le ball foirne sa scoil • Lucht seachadta/ bailiú earraí in éineacht le ball foirne
20. Cuairteoirí / Úsáideoirí na scoile tar éis am scoile	• Rochtain ar eolas pearsanta scoláirí	• Oifigí & sonraí pearsanta na scoláirí faoi ghlas • Logáil amach déanta ar ríomhairí agus pasfhocal ar gach ceann • Gan rochtain ar fhillteáin/ comhaid/ ábhair phearsanta srl. – comhaid/ leabhráin faoi ghlas i gcófraí.

Imeachtaí Spóirt		
21. Spórt & Cluichí sa scoil	• Tromaíocht idir scoláirí • Iompar mí-fheiliúnach nó díobháil do scoláire ag athrú feistis • Múinteoir sna leithris • Múinteoir ag cur cóir garchabharach ar scoláire	• Cód Iompair GCPL • Polasaí Bí Cineálta • Rialacha spóirt & nósanna imeachta soiléirithe ag an múinteoir spóirt do dhaltaí ag tús na bliana • Polasaí Sláinte & Sábháilteachta - Spórt • Polasaí Riaradh Cógais & Polasaí Garchabhrach • Maoirseacht cuí múinteoirí spóirt • Nósanna imeachta Caomhnú Leanaí ar eolas ag múinteoirí • Cód Iompair Ghairmiúil an Chomhairle Mhúinteoireachta ar eolas ag múinteoirí
22. Spórt le traenálaíthe seachtaracha ar ghearr- thréimhse	• Díobháil do dhalta(í)	• Ball foirne i dteannta traenálaí • Teastais/ cáilíochtaí/teistiméireachtaí deimhnithe leis an scoil
23. Spórt le Traenálaíthe seachtaracha ar thréimhse fada (téarma scoile iomlán)	• Díobháil do scoláire(í)	• Traenálaí grinnfhiosraithe ag na Gardaí • Teastais/ cáilíochtaí/ teistiméireachtaí deimhnithe leis an scoil
24. Siúlóidí/ rásanna lasmuigh den scoil	• Díobháil do scoláire ó dhuine sa phobal • Daltaí ar strae/ ar iarraidh	• Maoirseacht múinteoirí/ feitheoirí leordhóthanach • Cúrsa soiléirithe do dhaltaí roimh ré • Rialacha leagtha síos & soiléirithe • Tuismitheoirí ar an eolas faoin gníomhaíocht
25. Úsáid áiseanna spóirt lasmuigh den láthair scoile Úsáid ionad leithris/seomraí gléasta/cithfholctha i scoileanna eile	• Díobháil do scoláire ó dhuine eile óg nó aosach toisc seomraí gléasta/ cithfholcthaí/leithris á roinnt • Buachaillí agus cailíní i measc a chéile i seomraí gléasta/ cithfholcthaí	• Freagracht ar an mball foirne i gceannas ar na scoláirí róta a shocrú leis an scoil eile ionas nach mbíonn scoláirí sna hionaid seo ag an am céanna agus cinntiú go bhfuil buachaillí agus cailíní i seomraí difriúla
26. Usáid áiseanna spóirt CLG Bhaile Gunnair	• Díobháil do scoláire ó dhuine eile óg nó aosach agus iad ag teacht nó imeacht chuig na páirceanna ag siúl	• Imíonn & filleann an rang mar ghrúpa leis an múinteoir • Más gá do scoláire filleadh ar an scoil cead an mhúinteora ag teastáil agus téann scoláire eile i gcónaí ina theannta
27. Snámh i gcomórtais	• Díobháil do scoláire ó dhuine eile óg nó aosach	• Cúram tuismitheora/ionadaí tuismitheora an scoláire

Imeachtaí Lasmuigh den Scoil		
28. Múinteoireacht lasmuigh den scoil – Taighde allmuigh Turais scoile lae Turais go dtí an chathair Scátail oighir um Nollaig Cuairt ar scoil eile Eolaí Óg BAC Turais thar oíche Turais Gaeltachta Comortais idir scoileanna Turais thar lear Cláir Mhalartaithe le clanna thar lear nó in Éirinn	• Díobháil do scoláire ó dhuine eile óg nó aosach • Caidreamh/cumarsáidí míchuí idir scoláire agus • duine eile óg nó aosach • Scoláire ag dul ar strae/ ar iarraidh • Díobháil do scoláire uaidh féin • Díobháil ó dhuine san aoí-theaghlach nó ó dhuine sa phobal	• Polasaí Turais Scoile • Polasaí Cód iompair • Polasaí Bí Cineálta • Polasaí Fóin Phóca • Polasaí Mí-Úsáid Substaintí • Polasaí Riaradh Cógais & Polasaí Garchabhrach • Oiliúint d'fhoireann na Scoile/ treoraithe faoi chúrsaí Chosant Leanaí • Maoirseacht leordhóthanach • Treoracha soiléire do scoláirí • Rialacha daingne i bhfeidhm • Polasaí Turais Scoile & conradh sínithe ag scoláirí & tuismitheoirí • Grinnfhiosrú déanta ar na teaghlaigh Éireannacha • Seiceáil déanta ar na teaghlaigh thar lear ag GCPL ach tuismitheoirí ar an eolas nach bhfuil grinnfhiosrú déanta.
29. Tiománaithe bus / Maoir srl.	• Díobháil do scoláire	• Maoirseacht leordhóthanach an bhfeitheoirí/múinteoirí scoile
Gníomhaíochtaí Éagsúla Eile ar bun ag an Scoil		
30. Garchabhair á sholáthair do scoláire Leigheas a thabhairt do scoláire	• Díobháil do scoláire	• Polasaí Garchabhrach & Polasaí Riaradh Cógais • Polasaí Caomhnú Leanaí • Cód Iompair Ghairmiúil an Chomhairle Mhúinteoireachta
31. Úsáid físeán/fótagrafaíochta/meán eile chun ócáidí scoile a thaifead	• Mí-úsáid íomhá dalta ag ball foirne nó ag duine éigin eile óg nó aosach •	• Polasaí Cosaint Sonraí • Cead tuismitheoirí faighte & feidhm na níomhánna/ físeán soiléirithe • Ceamara/ gléasanna scoile amháin á úsáid. • Polasaí Cosaint Sonraí grianghrafadóirí proifisiúnta deimhnithe.
32. Ócáidí tiomsaithe airgid a mbíonn scoláirí gafa leo	• Díobháil do scoláire ó dhuine sa phobal agus iad amuigh sa phobal	• Scoláirí os cionn aois 15 amháin a cheadaítear • Bailiúchán ar siúl in áit ghnóthach le a lán daoine thart • Bailiú airgid i ngrúpaí de thriúir & fón acu • Ball foirne/ duine fásta grinnfhiosraithe ag GCPL sa gharthimpeallacht le teacht ag na scoláirí air ar an bhfón • Scoláirí gan a bheith ina bhun níos faide ná 2 uair • Feisteas/ ceadúnas aitheantais ar na scoláirí • Eolas ag na tuismitheoirí faoi & cead tugtha
	• Díobháil do scoláire ó dhuine óg nó aosach	• Deimhniú ag an scoil roimh ré faoin gcineál imeachta & faomhadh

33. Rannpháirtíocht scoláirí i gcúrsaí/ traenáil/ imeachtaí atá seachtrach ón scoil		déanta • Eolas ag na tuismitheoirí faoi & cead tugtha • Seiceáil déanta ag an scoil roimh ré ar na socrúcháin/imeachtaí i gceist
34. Scoláirí ar Thaithí Oibre	• Díobháil do scoláire ó dhuine sa phobal óg nó aosach • Dúshaothrú scoláire san ionad oibre	• Tá beartas agus nósanna imeachta ar bun ag an scoil • Áit oibre fiosraithe ag tuismitheoirí • Socrúcháin réitithe roimh ré. • Uimhir teagmhála ag tuismitheoirí & scoil do dhuine fásta san ionad oibre sin • Treoracha leagtha síos ag an scoil I dtaobh méid ama/oibre le déanamh ag an scoláire • Árachas scoile ag clúdach taithí oibre ar gnáth obair í • Seiceáil á dhéanamh ag an scoil ar an scoláire le linn an tréimhse oibre ann
35. Eachtra Chriticiúil i measc Pobal na Scoile	• Díobháil do scoláire maidir le mothúcháin	• Polasaí Bainistíochta Teagmhais Criticiúil
Bainistiú Iompair - Cur i bhfeidhm smachtbhannaí mar chuid den Chód Iompair		
36. Coimeád Istigh	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile nó ó dhuine sa phobal nó ó mhúinteoir	• Fógra curtha chuig tuismitheoirí 4 lá roimh ré • Ní cheadaítear don scoláire an scoil a fhágáil roimh am • Maoirseacht déanta ag múinteoir ar an scoláire • Scoláire aonair á choimeád istigh – feitheoireacht duine-le-duine – 2 nó níos mó ball foirne sa scoil, scoláire suite in ionad poiblí m.sh ag an oifig nó sa chlós faoi dhíon.
37. Tógaíl gutháin ó scoláire	• Díobháil do scoláire in éagmais an fhóin lasmuigh den scoil	• Polasaí Fóin Phóca • Fógra curtha chuig tuismitheoirí roimh dheireadh an lá scoile
38. Tromaíocht agus Mí-iompar Scoláirí	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile • Díobháil do scoláire uathu féin	• Polasaí Bí Cineálta & Cód Iompair na Scoile • Polasaí Úsáid Substaintí
39. Bainstíocht ar iompar dúshlánach agus ar úsáid srianta más éiríonn an gá leis	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile • Díobháil do scoláire ó bhall foirne	• Cód Iompair na Scoile • Polasaí Fionraí & Díbeartha • Polasaí Sláinte & Sábháilteachta • Traenáil foirne ar úsáid srianta
40. Cód iompraíochta nach bhfuil leordhóthanach	• Díobháil do scoláire ó scoláire eile	• Athbhreithniú déanta ar an gCód Iompair, Polasaí Bí Cineálta gach bliain nó níos luaithe má éiríonn gá leis • Gach ball foirne ar an eolas faoi pholasaithe na scoile agus ag feidhmiú de réir na bpolasaithe sin

Grúpaí/ Scoláirí ar Leith		
41. Daltaí ó mhionlaigh eitneacha/imircigh An Lucht Siúil Daltaí ó Mhionlaigh Chreidimh Daltaí faoi chúram an Stáit Daltaí LADT nó Daltaí a bhraitear le bheith LADT (leispiach , aerach, déghnéasach nó trasinscneach) Daltaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí	• Baol tromaíochta ó scoláire nó ó aon duine eile • Baol so-ghontachta	• Polasaí Chód Iompair na Scoile • Sainspiorad & Éiteas na Scoile • Polasaí OSPS & OCG • Seachtain Feasachta le linn na scoil bhliana • Clár Folláine i bhfeidhm

Nóta Tábhachtach: *Tugtar faoi deara gurb ionann riosca i gcomhthéac na measúnachta seo agus an sainmhíniú a thugtar ar "díobháil" mar atá sainmhínithe san Acht um Tús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Déantar sainmhíniú ar an bhfocal díobháil* ***i gCaibidil a 4 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna*** *2017.*

Agus an mheasúnacht riosca seo ar bun aige, rinne an Bord Bainistíochta a dhícheall, chomh fada agus ab fhéidir leis, na rioscanna díobhála a bhaineann leis an scoil seo a aithint, agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun na rioscanna go léir a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna liostaithe sa mheasúnacht riosca seo chun bainistíocht agus laghdú a dhéanamh ar riosca chomh fada agus is féidir.

Déanfar aithbhreithniú ar an Measúnú Riosca seo mar chuid dá Aithbhreithniú Bliantúil ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí .

Síniú:
Frank Ó Madagáin

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 24-03-2025

Síniú:
Cáit Ní Shé

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 24-03-2025